An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 7 – 28 Aibreán 2023

**LÁTHAIR:** Reáchtáilte go Fíorúil Trí Zoom

**DÁTA:** Dé hAoine, an 28 Aibreán 2023

**AM:** 10:00 – 11:30

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról |
|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta |
| Mags Campbell | An Roinn Oideachais | Comhalta |
| *Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta |
| Jim Molloy | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | Comhalta |
| Niamh Kenny | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach Cúnta na Rannóige |

*Tháinig Breandán Mac Craith isteach ag an gcruinniú le linn mír 7.

**IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:**

- Ní raibh Eithne Fox, ionadaí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ábalta a bheith ag an gcruinniú.

## PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, an 27 Feabhra 2023;
- Aontaíodh go mbeifear ag súil an chéad chruinniú eile den Choiste a reáchtáil ar an Aoine, an 26 Bealtaine 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1;
- Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do Chumann na nOifigeach Forbartha ("COFG") freastal ar cheann de chruinnithe an Choiste go gairid amach anseo chun a gcuid tuairimí agus moltaí a chur i láthair an Choiste.

## PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach**:
   - Cuireadh tús leis an gcruinniú le hoscailt ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
   - Thug sé fáilte faoi leith do Mags Campbell agus Niamh Kenny – ionadaithe nua na Ranna Oideachais agus Coimirce Sóisialaí faoi seach ar an gCoiste.

2. **Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:**
   - Aontaíodh miontuairiscí chruinniú an Choiste roimhe sin a tionóladh ar an Luan, an 27 Feabhra 2023.

3. **Téarmaí Tagartha agus Nósanna Imeachta an Choiste:**
   - Dheimhnigh Mags Campbell agus Niamh Kenny araon gur aontaigh siad le téarmaí tagartha agus nósanna imeachta an Choiste;
   - Luaigh an Cathaoirleach:
     - go mbeifí ag iarraidh minicíocht na gcruinnithe a leasú ón méid atá leagtha amach sna nósanna imeachta ar mhaithe leis na chruinnithe a reáchtáil comhthreomhar leis an taighde don Phlean Náisiúnta;
     - go mbeidís le socrú nuair a bheadh an fhoireann taighde in situ agus amscála don taighde aontaithe;
     - go ndéanfaí é seo a phlé tuilleadh faoi mhír a 5 agus a 8, faoi seach.

4. **Nithe atá tagtha chun cinn:**

Thug an Roinn léargas ar na tionscnaimh atá idir lámha acu maidir le cur i bhfeidhm an Achta. Sa mhéid sin luadh:

- Suirbhé don Fheachtas Feasachta –
  - go bhfuil Behaviour & Attitudes ("B&A") ar chonradh ag an Roinn i dtaca leis an taighde seo a dhéanamh ar mheonta daoine óga i leith gairmeacha le Gaeilge agus san earnáil phoiblí;
  - go raibh sampla de rannpháirtithe aitheanta chun an suirbhé a dhéanamh agus go bhfuil an obair sin sa tsiúl faoi láthair;

  - go dtabharfadh an suirbhé léargas ar thuairimí agus ar iompair daoine óga i leith na teanga ach go háirithe sa chomhthéacs oibre agus go gcuirfidh sé sin bonn faoin bhfeachtas feasachta sula ndéanfaí é a rolladh amach;
  - go ndeachthas i gcomhairle le grúpaí éagsúla – *Black and Irish,* an lucht siúil, an Roinn Oideachais, agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, mar shampla – ionas go mbeidh an suirbhé ionadaíoch ar shochaí comhaimsire na hÉireann;
  - go bhfuil síneadh ama tugtha don sampla le tabhairt faoin suirbhé ar mhaithe leis an deis cuí a thabhairt dóibh é a chur i gcrích agus ar mhaithe leis na sonraí cuí a bhailiú;
  - go raibh líon na bhfreagraí a bhfuarthas íseal toisc briseadh coicíse na Cásca idir 3-15 Aibreán 2023;
  - go raibh réamhchruinniú idir an t-aonad gnó agus Javelin agus PHD faoi seach, atá ar chonradh ag an Rialtas i leith dearadh cruthaitheach agus ceannach na meáin agus gur tugadh le fios gur mí Mheán Fómhair a bheadh inmholta ó thaobh an feachtas a rolladh amach;
  - go gcoinneofaí comhaltaí an Choiste ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéanfar, ach go háirithe fad is a bhaineann sé le torthaí an suirbhé.

- <u>Comórtas Oifigigh Cléireachais Náisiúnta</u> –
  - gur fógraíodh comórtas oifigigh cléireachais náisiúnta úr ar an Aoine, an 14 Aibreán 2023;
  - go raibh tagairt shonrach don Acht agus mír nua - Poist ina bhfuil gá le scileanna speisialtachta Gaeilge – curtha sa leabhrán eolais i dtaca le folúntais ina bhfuil sé riachtanach réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge;
  - gur forbairt an-dearfach í seo atá mar thoradh ar an gcomhoibriú leanúnach idir an Roinn agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
  - go bhfuil comhráití leanúnach ar bun idir an Roinn agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i dtaca le comórtas Ardoifigigh Feidhmiúcháin le Gaeilge;
  - luaigh ionadaí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go bhfuil comhráití ar bun idir iad agus Ollscoil Mhá Nuad maidir le tástáil inniúlachta Theastas Eorpach na Gaeilge ("TEG") ach gur réamhchomhráití atá ann i láthair na huaire.

- <u>Scéim Intéirneachta Cumarsáide le Gaeilge</u> –
  - Go rabhthar ag breathnú ar an cás gnó dó seo.

- Osclaíodh an t-urlár do chomhaltaí an Choiste chun a gcuid tuairimí a roinnt maidir leis na bearta sin. Le linn an phlé sin luadh/aontaíodh:
  - gur thug Comhairle Contae Shligigh faoi chomórtas earcaíochta le déanaí ar mhaithe le hoifigeach Gaeilge agus Oifigeach Cosanta Sonraí a earcú ag grád vii le hinniúlacht TEG B2 agus go bhfuarthas iarratais go háitiúil – rud

atá an-dearfach ó tharla nach Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta atá ann;
  - gur thug an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi shuirbhé ar mhaithe le bunlíne a aithint do leibhéal inniúlachta Gaeilge an 6,500 ball foirne atá ag obair sa Roinn sin sna láithreacha éagsúla a mheas;
  - go mbeadh radharc ag an gCoiste ar an suirbhé a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí le féachaint a bhféadfaí tarraingt air i gcomhthéacs an ceann atá le déanamh ag an gCoiste Comhairleach maidir le hinniúlacht i nGaeilge atá ag foireann comhlachtaí poiblí;
  - gur thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoina leithéid de suirbhé chomh maith agus go mbeifí sásta é a roinnt le comhaltaí an Choiste.

5. Uasdátú: Conradh Taighde don Phlean Náisiúnta:
   - Chuir an Roinn in iúl don Choiste:
     - gur réitíodh na ceisteanna a bhí ann faoin gconradh taighde le hOllscoil na Gaillimhe;
     - gur fógraíodh próiseas chun an fhoireann taighde a fhostú - Comhalta Taighde amháin agus beirt Thaighdeoirí Comhlacha;
     - go gcasfadh an Roinn leis an bhfoireann taighde ar mhaithe le modheolaíocht an tionscadail a aontú;
     - go ndéanfadh an Ollscoil a phlean oibre don taighde – a chuimseoidh céimeanna, spriocanna, gnímh, agus amlíne sonrach an taighde mar aon leis na páirtithe leasmhara a bheidh páirteach ann - a chur i láthair an Choiste ag an gcéad chruinniú eile ansin (sonraí faoi Mhír 8).

6. Forbairt an Phlean Náisiúnta:
   - Tugadh an t-urlár don ionadaí do phobail Ghaeltachta ar mhaithe lena mholadh maidir le mír seasta a chur ar chlár na gcruinnithe don Choiste
   - Ghlac an Coiste leis an moladh. Aontaíodh chomh maith go ndéanfaí athchuairt a thabhairt ar an gcoincheap fo-ghrúpa a chur le chéile chun comhairle a thabhairt ar an ábhar seo níos déanaí i mbliana.

7. Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:
   - Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
     - Alt dar dáta 14 Márta 2023 ar Tuairisc.ie i dtaca le cáineadh a rinne Bord Fhoras na Gaeilge ar chur chuige an Stáit i leith na teanga sa chóras oideachais;
     - Alt dar dáta 28 Márta 2023 ar Tuairisc.ie maidir le hathrú polasaí RTÉ Raidió na Gaeltachta cosc a chur ar fhógraí ar íocaíocht;
     - Alt dar dáta 30 Márta 2023 ar Tuairisc.ie maidir le comórtas a sheol saoloibre.ie le tacaíocht ó AIB agus COGG ("An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta"), a raibh sé mar aidhm aige an buntáiste a bhaineann leis an nGaeilge sa saol oibre a chur ar shúile daltaí scoile;

- Rinneadh seic le COGG agus Saoloibre.ie ó shin faoi cén chaoi ar éirigh leis an gcomórtas agus gur léir gur tháinig ardú ar líon na n-iarratas a bhfuarthas ó bhlianta roimhe sin;
- Alt dar dáta 4 Aibreán 2023 ar Tuairisc.ie maidir le líon na n-oifigeach sinsearach sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí ar féidir leo oibriú trí mheán na Gaeilge;
- Ailt dar dáta 20 agus 21 Aibreán 2023 ar Tuairisc.ie maidir le tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga do 2022.

- Tar éis na hailt seo a bheith pléite, luaigh an Cathaoirleach go bhfuiltear ag fiosrú bealaí éagsúla go bhféadfaí córas TEG a neadú isteach sa chóras oideachais, idir múinteoirí agus daltaí;
- Luaigh an Roinn Oideachais go bhfuil ceist churaclam na Gaeilge á meas ag an Roinn sin agus go gcoinneofaí an Coiste ar an eolas faoi sin;
- Luaigh an t-ionadaí do phobail Ghaeltachta go ndearnadh scéim phíolótach a reáchtáil le daltaí idirbhliana i gCiarraí ag tabhairt faoi scrúduithe TEG agus go bhféadfaí a mhacasamhail a rolladh amach go náisiúnta.

8. **Dáta don Chéad Chruinniú Eile**:

- Aontaíodh go mbeifear ag súil an chéad chruinniú eile den Choiste a reáchtáil ar an Aoine, an 26 Bealtaine 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

9. **Aon Ghnó Eile**:

- Luadh go raibh iarratas faighte ag an Roinn agus ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ó Chumann na nOifigeach Forbartha ("COFG") ar a gcuid tuairimí agus moltaí a chur os comhair an Choiste;
- Dúirt an Roinn le COFG go mbeifí ag iarraidh orthu é sin a dhéanamh trí chur i láthair a dhéanamh don Choiste a luaithe is féidir.

Emily Maloney

**Rúnaí**

30 Meitheamh 2023

**Dáta Faofa**